

...quar tenore intellexi dñm deputat' n'p p'spere venire ar regni hui' q'ub
...ant' n' suscipere. Hanc magnopere gratulor suam dñarocem hui' mod' p'bi
...am acceptare et p'or dñi maximu' optinu' ut p'spere et feliciter sibi suc
...dat in o'ibus n' m' q' possim exp'mere q' quod eiq' p'decessor m'gr Nicholau'
...naldus p'suo tempe se in gubernamie Regni bene gerebat. Quam
...nt ad alia contenta dñar' t'ia q' q'utu' ad querelas que dudu' scripsi
...ad dñm Justiniann' et ad alia int' nos agenda michi videtur pl'minu' con
...tre quod dñs deputat' veniat ad dñdalle q'nto febru' et ego sup'is fa
...entibus
...ngliram



COMIISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN



...entibus veniam adg'fines. Et tñr sua dñaroc' exannabit o'ia facta int'
...ngliram
...nssah nullu' noie regine maiest'at' et in futurum ordinem suscipiat q'
...b'sernatoc' ar approbaroc' dñte p'at' atq' finem imponat h'is que maiest'
...as regine suo dñaroc' q'ussit q'utu' ad o'ia negotia que n'issi p'derant
...admarchann' ad suam celsitudinem Et optarem ut tñr m'gr Cussah
...sent esset q'm ip'e o'ia p't exp'me que ad formam p'at' attineret et sic
...optime et p'spere valeant v'ie dñaroc' ex v'end'...

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2012

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

45 Cearnóg Mhuirfean

Baile Átha Cliath 2

www.irishmanuscripts.ie

CLÁR ÁBHAIR

TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH 2012	2	CUNTAIS INIÚCHTA	19
Brollach	3	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	20
Boird, coistí agus fochoistí	4	Clár Comhardaithe	21
<i>An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán</i>	5	Ráiteas faoi shreabhadh airgid	22
<i>An Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain</i>	5		
Baill Foirne	5	NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	23
Seirbhísí	5	1. Polasaithe cuntasaochta	23
<i>An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra – European</i>	6	<i>1.1. Bunús an ullmhúcháin</i>	23
<i>‘Eagrán Digiteach’ CLÉ</i>	7	<i>1.2. Ioncam</i>	23
Foilseacháin	7	<i>1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas</i>	23
<i>Analecta Hibernica, no. 43</i>	7	<i>1.4. Stoc</i>	23
<i>Arrangements for the integration of Irish</i>		<i>1.5. Pinsin</i>	23
<i>immigrants in England and Wales</i>	7	<i>1.6. Cánachas</i>	23
<i>Infanticide in the Irish Crown files at assizes,</i>		<i>1.7. Deontais rialtais</i>	23
<i>1883–1900</i>	8	2. Ioncam	23
<i>The account books of the Franciscan House, Broad Lane,</i>	8	3. Deontais an Roinn Ealaíon, Oidhreacht	
<i>Cork, 1764–1921</i>	8	agus Gaeltachta	23
Pleanáil le haghaidh 2013	8	4. Barrachas don bhliain	24
Seoltaí	9	5. Fostaithe	24
Airgeadas	9	6. Costais phinsean	24
		7. Sócmhainní inláimhsithe	24
FAISNÉIS CHUIDEACHTA	10	8. Stoic	25
		9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	10	d’aon bhliain amháin	25
Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus		10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh	
forbairt sa todhchaí	13	d’aon bhliain amháin	25
Príomhghníomhaíochtaí	13	11. Ioncam iarchurtha	25
Athbhreithniú gnó	13	12. Cúlchistí Comhionannais	25
Forbairt sa todhchaí	13	13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí	25
Torthaí	13	Ranníocaíocht Chaipitiúil	25
Taighde agus forbairt	13	14. Idirbhearta páirtí gaolmhara	26
Staid cúrsaí	14	15. Máthairghnóthas deiridh	26
Na Stiúirthóirí agus a gcuid leasanna	14	16. Faomhadh na ráiteas airgeadais	26
Ranníocaíochtaí polaitiúla	14		
Freagrachtaí na Stiúirthóirí	14	TUARASCÁIL BHLIANTÚIL	
Na Leabhair chuntais	14	AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2012	26
Príomhrioscaí agus príomhéiginnteachtaí	15	Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh i 2012	26
Iníúcháirí	15	Feidhmíocht fuinnimh	26
TUARASCÁIL NEAMHSPLEÁCH			
NA nINIÚCHÓIRÍ	16		
Freagrachtaí na stiúirthóirí agus			
na n-iníúcháirí faoi seach	17		
Bunús na tuairime	17		
Tuairim	18		

Tuarascáil an Chathaoirligh

Brollach

Corpraíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ), a bhunaigh W. T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, i 1928, mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006.

Is é príomhchúram an Choimisiúin ná príomhfhoinsí — faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach — le haghaidh stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann a scaipeadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn. Ina *Phlean Forbartha Straitéisí, 2012–2016*, dearbhaíonn an Coimisiún arís gur mian leis comhairle a thabhairt don Rialtas a threoróidh an beartas i ndáil le haire a thabhairt d'ábhair phríomhfhoinsí atá riachtanach um thuiscint ar Éirinn san am atá thart agus um scríobh stair na tíre, agus na hábhair sin a chaomhnú agus a scaipeadh in Éirinn agus ar fud an domhain.


I rith 2012, d'oibrigh an Coimisiún as lámh a chéile leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus é ag iarraidh struchtúir rialachais oiriúnacha a aimsiú don Choimisiún agus do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. I 2012 bhí an Coimisiún fós tiomanta go hiomlán chun féachaint chuig cur faoi deara a chuid cúram lárnach, mar fhoilsitheoir bundoiciméad agus bunlámhscríbhinní, agus mar chomhairleoir ar chaomhnú oidhreacht dhoiciméadach na hÉireann, a chumhdach i cibé struchtúir rialachais nua a thiofáidh chun cinn. Tá súil ag an gCoimisiún go ndéanfar a chuid oibre agus a fhéiniúlacht a chumhdach agus a chosaint sna struchtúir rialachais nua atá á n-ullmhú. Chuige sin tugann an Coimisiún faoi deara gurb é rún dearbhaithe an Rialtais go gcoimeádfadh an Coimisiún a fhéiniúlacht ar leithligh (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Public service reform 17 Samhain 2011*, Appendix II: Rationalisation of State Agencies, lch. 7).

I rith 2012 lean CLÉ ar aghaidh ag gníomhú mar chomhiomlánóir náisiúnta ábhartha le haghaidh an tairseach oidhreachta cultúrtha Europeana (www.europeana.eu) le haghaidh na n-institiúidí cultúrtha náisiúnta. Tugtar cur síos breise air sin san alt faoi Sheirbhísí thíos (*An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra — Europeana*, lch. 6).

Déantar ionadaíocht ar CLÉ ar an gCoiste Stiúrtha do Acmhainn Chartlainne na hÉireann — *Irish Archives Resource*, seirbhís ghréasáin a chuireann ar chumas cartlanna ar fud na hÉireann a gcuid tuairiscí bailiúcháin a uaslódáil do thairseach gréasáin, rud a cheadaíonn bailiúcháin chartlainne Éireann a chuardach ar fud stórtha. I measc an ábhair atá ar fáil tríd an tairseach faoi láthair tá taifid de ghníomhaireachtaí rialtais reatha agus éagtha, de dhaoine aonair, eastáit talún, clubanna, cumainn, ceardchumainn, eagraíochtaí reiligiúnacha, chomh maith le heagraíochtaí cultúrtha agus polaitiúla.

Reachtáladh léacht tionscnaimh Eoin Mhic Néill i nDeireadh Fómhair 2012. Tá an léacht sin ainmnithe i ndiaidh Eoin Mhic Néill, scoláire Gaelach agus staraí mór le rá, a sheirbheáil mar Aire Oideachais idir 1922 agus 1925 agus a ceapadh mar chéad chathaoirleach Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann nuair a bunaíodh i 1928 é. Leagfaidh na léachtaí débhlantúla sin béim ar thábhacht na gcartlann agus na bpríomhfhoinsí don staraí agus tabharfaidh siad deis do lucht éisteachta a mbeidh ionadaithe ón tseirbhís phoiblí, déantóirí beartais agus an lucht acadúil ina measc éisteacht le príomhscoláirí a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain agus iad ag labhairt faoi ról na gcartlann agus na bpríomhfhoinsí ina gcuid oibre.

Thug an tOllamh Eamon Duffy, FBA, Hon. MRIA léacht Eoin Mhic Néill 2012 ar an 8 Deireadh Fómhair 2012 agus é ag labhairt os comhair lucht éisteachta ar tugadh cuireadh dóibh agus a raibh ina measc Seamus Heaney, baill de na breithiúna agus an staraí an Dr. Brendan Bradshaw, comhalta emeritus d'Ollscoil na Banríona, Cambridge. Bhí ról lárnach ag an Ollamh Duffy, Ollamh le Stair na Críostaíochta in Ollscoil Cambridge agus comhalta do Magdalene College, i bhforbairt Chomhaltacht Parnell i Léann na hÉireann i Cambridge. Freisin tá sé ina údar ar shaothair scolártha mór le rá a d'athraigh an tuairim agus an tuiscint atá againn i leith ról an reiligiúin agus an chreidimh i saol na Meánaoise Déanaí agus na Nua-Aoise Luaithe. Thug an tOllamh Duffy 'Revising the reformation: the archives and the grand narrative' mar theideal ar a léacht. Le linn na léachta scrúdaigh sé an chaoi a n-úsáideann sé féin na cartlanna agus an tuiscint a bhíonn ag daoine ar an am atá thart. Foilseoidh an Coimisiún an léacht i bhfoirm paimfléid in earrach 2013





Le haghaidh na cúigiú bliana as a chéile, ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann páirt san Oíche Chultúir. Arís eile cuireadh fáilte roimh an deis obair an Choimisiúin, maidir le caomhnú trí fhoilsiú príomhfhoinsí do stair na hÉireann, a thaispeáint. Fuarthas freagra díograiseach ón bpobal i gcoitinne. Tháinig os cionn 1,100 duine thar thairseach Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean (méadú de 200 i gcomparáid leis an líon cuairteoirí ón mbliain roimhe) chun foghlaim faoi obair CLÉ agus Chartlann Ailtireachta na hÉireann (a roinneann CLÉ an foirgneamh leo). Ag taispeántas CLÉ ar an gcéad urlár, phlé cuairteoirí le baill den Choimisiún obair an Choimisiúin i gcaitheamh na bliana agus bhain siad taitneamh as taispeáint iontach d'fhoilseacháin CLÉ, idir facasamhlacha luatha de codicenna móra na Meánaoise agus na leabhair is deireanaí a foilsíodh an tseachtain sin. Cuireadh an-spéis i seirbhís Eagrán Digiteach CLÉ a taispeánadh an oíche sin. Táim fíorbhuíoch do na baill a d'fhreastail ar an Oíche Chultúir: Máire Mac Conghail, Michael Kennedy, Deirdre McMahon, Nicholas Canny, Mary O'Dowd agus Thomas O'Connor. Bhí siad flaithiúil lena gcuid ama.



Baineadh leas as an Oíche Chultúir mar ardán chun an chuid nua CCanna (Ceisteanna Coitianta) de láithreán gréasáin CLÉ a sheoladh i dteannta le fógrán lándaite ina dtugtar míniú faoi obair an Choimisiúin agus bileog ina bhfuil comhairle faoi chaomhnú taifead, atá dírithe ar dhaoine aonair príobháideacha a bhfuil spéis acu ina gcuid taifead teaghlaigh a chaomhnú. Ardaíonn an dá bhileog feachtas faoin tábhacht a bhaineann le taifid a chaomhnú agus tá siad ar fáil le híoslódáil trí láithreán gréasáin CLÉ.

Boird, coistí agus fochoistí

I measc ball an CLÉ tá ionadaithe ón bpobal acadúil agus ó institiúidí cultúrtha ar fud na hÉireann. Is gnách go gceaptar baill ar feadh thréimhse cúig bliana; faoina chuid Airteagal Comhlachais is é an líon iomlán stiúirthóirí baill ná 21. Ag tús 2012 bhí 19 stiúirthóir baill ag Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann tar éis don Dr David Craig dul ar scor go foirmiúil ar an 20 Eanáir mar Stiúirthóir na Cartlainne Náisiúnta.

Ar an 31 Nollaig 2012, bhí bord Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann comhdhéanta de na 19 ball seo a leanas: James McGuire (Cathaoirleach); Nicholas Canny, OÉ na Gaillimhe; David Dickson, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; David Edwards, an Coláiste Ollscoile, Corcaigh; Chris Flynn, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; Greta Jones, Ollscoil Uladh; James Kelly, Coláiste Phádraig, Droim Conrach agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Michael Kennedy, Doiciméid ar Bheartas Eachtrach, Acadamh Ríoga na hÉireann; Máire Mac Conghail; John McCafferty, Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath; Aileen McClintock, Stiúirthóir agus Leaschaomhnóir Taifead, Oifig na dTaifead Poiblí, Tuaisceart Éireann; Deirdre McMahon, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Donal Moore, Cartlainnaí Chathair Phort Láirge; Thomas O'Connor, OÉ Mhaigh Nuad; Dáibhí Ó Crónín, OÉ na Gaillimhe; Ruán O'Donnell, Ollscoil Luimnigh; Mary O'Dowd, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; Jane Ohlmeyer, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath; agus Fiona Ross, Stiúirthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Seo a leanas baill oinigh an Choimisiúin: Francis J. Byrne, Louis Cullen, Geoffrey Hand agus Brian Trainor.

Reáchtáil an Coimisiún sé ghnáthchruinniú i 2012 chomh maith leis an gCruinniú Ginearálta Bliantúil.

Faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, suíonn beirt bhall ar a laghad de CLÉ ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta (CCN). Ba iad na baill de CLÉ ar an CCN i 2012 ná Máire Mac Conghail agus Jane Ohlmeyer.

An Coiste Eagarthóireachta agus Foilseachán

Is í feidhm an bhuanchoiste seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar thograí de réir critéar socraithe agus moltaí a dhéanamh mar is cuí don Choimisiún iomlán, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail fhoilsitheoireachta reatha. Ba iad na baill den Choiste Eagarthóireachta agus Foilseachán i 2012 ná: James McGuire (cathaoirleach), Nicholas Canny, David Edwards, James Kelly, Michael Kennedy, Máire Mac Conghail, Dáibhí Ó Crónín, Mary O'Dowd agus Jane Ohlmeyer. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2012 chun tograí a fhaomhadh agus chun monatóireacht a dhéanamh ar stádas tionscadal reatha, a raibh 38 gceann díobh ar siúl ar an 31 Nollaig 2012.

An Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain

Rinneadh foráil sa phlean forbartha straitéisí le haghaidh 2012-2016 chun Coiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain (CFCR) a cheapadh. Mar chuid dá shainchúram déanann sé idirchaidreamh le comhlachtaí reachtúla agus deonacha (lena n-áirítear Cartlann Náisiúnta na hÉireann, cartlannaithe cathrach agus contae, Archives and Records Association, Ireland agus Local Authority Archivists' Group) agus, áit is féidir déanann sé comhfheachtais fheasachta a cheapadh agus beartas náisiúnta a fhorbairt. Bhí dhá chruinniú ag an CFRC, a bhfuil an tUas. Máire Mac Conghail mar chathaoirleach air i 2012 (Aibreán agus Meán Fómhair) agus thug sé tuairisc don Choimisiún ina dhiaidh. Amháil mí na Nollag 2012 ba iad baill CFRC ná: Máire Mac Conghail (Cathaoirleach), Nicholas Canny, Michael Kennedy, John McCafferty, Aileen McClintock, Deirdre McMahon, Donal Moore, Dáibhí Ó Croinín, Mary O'Dowd agus Fiona Ross.

Cheana féin tá an chuid ar CCanna de láithreán gréasáin CLÉ agus na bileoga eolais a scaipeadh ar an Oíche Chultúir forbartha ag an CFRC. Freisin tá an CFRC ag scrúdú caomhnú taifead faoi chúram comhlachtaí nach bhfuil clúdaithe ag an Acht um Chartlann Náisiúnta, lena n-áirítear eagraíochtaí dlí agus leighis, agus tabharfaidh sé comhairle agus teimpléid dóibh maidir le conas is fearr a gcuid taifead a chaomhnú. Molaim na baill den Choiste seo as a gcuid oibre fíorluachmhaire chun cur chun cinn a dhéanamh ar shainchúram CLÉ maidir le feasacht a ardú faoin tábhacht a bhaineann le príomhfhoinsí a chaomhnú le haghaidh na nglúnta atá le teacht.

Baill Foirne

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh in Iúil 2006.

Seirbhísí

Faigheann oifig CLÉ glaonna gutháin agus fiosruithe ríomhphoist ó gach cearn den domhan. Déantar iad sin a láimhseáil faoi théarmaí ár gCairt Chustaiméara. Déanann láithreán gréasáin CLÉ roinnt seirbhísí a sheachadadh le haghaidh úsáideoirí: díolachán fhoilseacháin CLÉ ar líne; cóipeanna digitithe ar féidir a chuardach de shaothair CLÉ atá as cló; eolas faoi ról CLÉ mar chomhiomlánóir náisiúnta do thairseach Europeana agus pointe teagmhála dó; cur isteach tograí foilsitheoireachta ar líne; agus PDFanna in-íosládáilte le haghaidh an chatalóg leabhar is deireanaí de chuid CLÉ, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais. Déanfaidh CLÉ athbhreithniú rialta ar dhearadh a láithreáin ghréasáin chun seachadadh na seirbhísí sin a bharrfheabhsú agus a fhorbairt.

Tháinig méadú ar lucht leanúna CLÉ ar Twitter i rith 2012 agus tá 184 leantóir againn anois. Ag deireadh 2012 chuaigh CLÉ ar Facebook áit a bhfuil sé ráite ag beagnach 100 duine 'gur maith leo' an leathanach; tá sé spéisiúil féachaint ar an idirghníomhú idir úsáideoirí agus an phostáil faoi fhoilseacháin agus imeachtaí CLÉ. Leanfaimid orainn ag tógáil droichead chuig pobail nua úsáideoirí tríd na meáin shóisialta sin agus ag freagairt ar an éileamh ar bhealaí nua le feasacht a chur chun cinn faoi fhoilseacháin CLÉ agus ar ndóigh obair leathan an Choimisiúin maidir le caomhnú taifead.



Scaipeadh catalóg foilseachán 2012-2013 agus ina dhiaidh sin scaipeadh na bileoga eolais faoi CLÉ agus faoi chaomhnú taifead ag go leor comhdhálacha agus imeachtaí thar ceann CLÉ; gabhaim buíochas le Máire Mac Conghail chuige sin. Ardaíonn an catalóg feasacht ní hamháin faoi fhoilseacháin an CLÉ ar díol, ach freisin faoi fhoilseacháin atá le teacht, Eagráin Digiteacha CLÉ agus eagráin beartaithe le haghaidh na deich mbliana de chuimhneacháin.

Lean CLÉ air ag fógairt i History Ireland agus trí hEolaí Teaghlaigh an Ulster Historical Foundation chomh maith le turais bhóthair ginealais chuig na Stáit Aontaithe. Creidimid go bhfuil na foinsí sin fós tábhachtach maidir le feasacht a mhúscailt faoi fhoilseacháin nua CLÉ i measc sloinnteoirí agus daoine a bhfuil spéis acu i stair na hÉireann.




An tseirbhís náisiúnta comhiomlánóra – Europeana

Tá seirbhís Náisiúnta Comhiomlánóra CLÉ le haghaidh institiúidí cultúrtha i bhfeidhm ó thús 2011. Bliain an-ghnóthach ab ea an bhliain seo don tseirbhís chomhiomlánóra. Ar an 31 Eanáir 2012 d'óstáil CLÉ seimineár aon lae amháin, a d'eagair sé le haghaidh sholáthraithe ábhair maidir leis an gComhaontú ar Mhalartú Sonraí (CMS). Chuaigh an CMS i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2012 agus ábhar imní é do sholáthraithe ábhair na hÉireann. Cleachtadh fíorluachmhar ab ea an cheardlann inar tógadh le chéile soláthraithe ábhair reatha agus féideartha agus baill foirne ardleibhéil ó Europeana. Shínigh gach soláthraí ábhair reatha in Éirinn an CMS ina dhiaidh sin.



Mar chuid d'fhoireann le Ms Sharon Barry, Ms Ursula O'Riordan agus leis an tUas. Mr Chris Flynn ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus an tUas. Niall O' Leary ó Fhaireachlann na nDaonnachtaí Digiteacha, d'eagair CLÉ comórtas forbróirí bogearraí Europeana — dar teideal Hack4Europe! Baile Átha Cliath— a réachtáladh i mBaile Átha Cliath ar an 24 agus 25 Meán Fómhair 2012. Bhí an comórtas, a sheol Ms. Fiona Ross, Stiúrthóir na Leabharlainne Náisiúnta, ar siúl ar feadh dhá lá agus réachtáladh é i dtimpeallacht chultúrtha oiriúnach mar a bhí an Gailearaí Eolaíochta i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Bhain foirne forbróirí úsáid as na meiteashonraí le haghaidh earraí cultúrtha atá ar fáil ar Europeana chun fréamhshamlacha féideartha a thógáil le haghaidh fheidhmchláir fón póca. Bhronn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, an tUas. Jimmy Denny TD, an duais don fheidhmchlár is nuálaí ar fhoireann atá bunaithe i nGaillimh a d'fhorbair áit taispeántais fhíorúil, agus bronnadh duais don fheidhmchlár ba mhó a mbeadh tionchar sóisialta aige ar fhoireann ó Thaisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) a d'fhorbair 'Storyscope', uirlis chun radhairc phearsanta a thógáil d'earraí cultúrtha ar fud mhúsaeim agus chartlanna na hEorpa.



Tháinig méadú ar an ábhar arna sholáthar d'institiúidí cultúrtha na hÉireann i 2012 agus anois tá ábhar na hÉireann comhionann le 4.7 fán gcéad den ábhar go léir atá ar fáil ar an tairseach. Cuireadh ábhar ar fáil ag Institiúid Náisiúnta na Scannán Éire (físeán), Taisce Cheol Dúchais Éireann (fuaim, íomhá, téacs), Acadamh Ríoga na hÉireann (íomhá), agus Gailearaí Crawford (íomhá). Thug an Chartlann Náisiúnta meiteashonraí ar an gConradh Angla-Éireannach i 1921, cuid de thaispeántas reatha ar líne de chuid NAI, agus ina dhiaidh sin d'ainmnigh an tUas. Deenihan é ina 'rogha Aire' ag imeacht a d'eagair Europeana le haghaidh Lá na hEorpa ar an 9 May sa Bhruiséil.

Ag deireadh na bliana bhí réamhphlé ar siúl le Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus le Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireacht maidir le tuilleadh ábhair a sholáthar.

Thug tionscadal Acadamh Ríoga na hÉireann um Thaisclann Dhigiteach na nDaonnachtaí (DHO) cúnaimh teicniúil i 2012. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le DHO, go háirithe Niall O' Leary as a ionchur maidir le comhchuíbhíú sonraí agus an Hackathon. Rinne Shawn Day, bainisteoir tionscadal DHO cathaoirleacht go cineálta ar cheardlann DEA le soláthraithe ábhair agus baill foirne Europeana in Eanáir 2012.

Mar atá ráite agam cheana féin, is gá leanúint ar aghaidh ag múscailt feasachta faoin tionscadal tábhachtach Eorpach sin i measc phobal oidhreachta cultúrtha na hÉireann mar chuid den phlé leathan ar conas is féidir ábhar cultúrtha a úsáid sa Ré Dhigiteach. Is féidir go leor tairbhí a bhaint as próifíl oidhreachta chultúrtha na hÉireann a ardú i gcomhthéacs timpeallachta cuardaigh ilteangaí mar Europeana, agus freisin as coimeád suas le dáta le plé reatha faoi athúsáid sonraí cultúrtha digiteacha.

Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (D/AHG) mar chomhpháirtí sna tionscadail Europeana v2 agus Feasacht faoi Europeana a bheidh ar siúl i gcaitheamh na 24 mhíosa seo chugainn. D'fhreastail riarthóir CLÉ an Dr Cathy Hayes ar chruinnithe Europeana sa Háig (Eanáir 2012) agus i Leuven (Meitheamh 2012) le baill foirne ón Roinn. Tá CLÉ ag tnúth le leanúint air ag tabhairt tacaíochta don Roinn maidir le feasacht faoi Europeana in Éirinn agus rannpháirtíocht ann a chur chun cinn.

Ba mhaith liom a thaifeadadh go bhfuilim buíoch don Dr Hayes as a ról i rannpháirtíocht CLÉ i bhfontar Europeana.

'Eagráin Digiteacha' CLÉ

Lean CLÉ ar aghaidh lena chlár chun a chúl-liosta foilseachán a dhigitiú i 2012. Bhí os cionn 70 teidil, eagráin imleabhair singil den chuid is mó, digitithe faoi dheireadh 2012 agus cuirfeadh ar fáil iad le léamh tríd an gcuid 'Eagráin Digiteacha' ar láithreán gréasáin CLÉ tar éis dearbhú cáilíochta a dhéanamh orthu. Cuireann sé sin leis an obair a críochnaíodh i 2011 áit ar cuireadh ar fáil na sraitheanna il-imleabhair go léir d'fhoilseacháin CLÉ. Cé go meastar go bhfuil an córas reatha chun teidil digitithe a thaispeáint sásúil den chuid is mó, i 2013 beidh CLÉ ag féachaint ar mheicníocht fheabhsaithe chun téacsanna agus torthaí cuardaigh a thaispeáint chomh maith le bealach a chur ar fáil le cuardach a dhéanamh ar fud na n-eagrán.

Measann CLÉ go bhfuil digitiú a chúl-liosta ina chuid lárnaigh dá shainchúram seirbhíse poiblí chun feabhas a dhéanamh ar rochtain ar na príomhfhoinsí lámhscríbhíne atá caomhnaithe i gcló aige agus ar fheasacht ina leith. Laistigh de na hacmhainní atá ar fáil dó déanann CLÉ a dhícheall chun úinéir ceart an ábhair go léir a úsáidtear ar an roinn Eagráin Digiteacha dá láithreán gréasáin a aimsiú agus iad a lua. Tugann CLÉ cuireadh d'úinéirí cearta a gcreideann nár aithníodh i gceart iad ar láithreán gréasáin CLÉ nó a gcreideann nach ndearnadh a gcóipchearta a urramú i gcearta teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó tríd an nguthán ag + 353 1 676 1610.

Foilseacháin

Foilsíodh na teidil nua seo a leanas i 2012:

Analecta Hibernica, no. 43


San eagrán de shraithfhoilseachán CLÉ, atá curtha in eagar ag James Kelly, tá tuarascáil don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh 2011 agus na páipéir seo a leanas: 'The landowners of the late Elizabethan Pale: 'The Generall hosting appointed to meet at ye hall of Tarrah on the 24th of September 1593' (Brendan Scott and Kenneth Nicholls); 'Advice to a daughter': Lady Frances Keightley to her daughter Catherine, September 1681 (Gabrielle M. Ashford); Journal of a tour to Dublin and the countries of Dublin and Meath in 1699 (Rolf Loeber, David Dickson and Alan Smyth); The Journal of John Tennent, 1786–90 (Leanne Calvert); Official list of radical activists and suspected activists involved in Emmet's rebellion, 1803 (James Kelly).

Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales

Is é seo an chéad fhoilseachán de thuarascáil a choimisiúnaigh an International Catholic Migration Commission (ICMC) ar inimircigh Éireannacha i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus an freagra ar an tuarascáil sin ón Catholic Social Welfare Bureau



IMC Digital Editions




(CWSB) a bhí freagrach as leas reiligiúnach agus morálta inimircigh na hÉireann. D'ullmhaigh Anthony Spencer an tuarascáil sin don ICMC nuair a bhí sé ina stiúrthóir ar an Newman Demographic Survey (NDS). D'fhéadfaí a rá go raibh barúlacha Spencer ar chleachtadh reiligiúnach agus ról an reiligiúin i saol fhir agus mhná na hÉireann sa bhaile agus thar lear i measc na chéad staidéar ar shocheolaíocht an reiligiúin in Éirinn. Tugann an chonspóid a spreagadh de bharr thuarascáil Spencer, agus ar ceileadh an tuarascáil dá barr, léargas tábhachtach ar thuirimí coda tábhachtaí den chliarlathas Caitliceach Rómhánach Éireannach (agus Sasanach) i dtreo eisimircigh na hÉireann agus shochoaí na hÉireann i 1960



Infanticide in the Irish Crown files at assizes, 1883–1900

Cuireann an t-eagrán seo go mór le stair shóisialta, dlí agus ban na hÉireann agus é bunaithe ar bhunpháipéir neamhfhoilsithe sa Chartlann Náisiúnta. Cuireann sé i láthair taifid a bhaineann le 115 chás amhrasta maidir le dúnmharú naíonáin agus ceil breithe a braitheadh in Éirinn idir 1883 agus 1900. Tá an t-ábhar atá tras-scríofa agus a tógadh ó chomhaid na Corónach ag na cúirteanna seisiúin, déanta suas de 1,140 ráiteas finné a ndearnadh a mhionnú os comhair cróinéirí agus giúistísí. Tugann ráitis ó phóilíní, dhochtúirí agus ó chairde an duine a bhí faoi amhras go leor eolais sonraigh faoin gcaoi ar fheidhmigh an córas dlí agus faoi réaltachtaí an tsaoil in Éirinn sa naoú aois déag. Cuirtear fáilte roimh na tuarascálacha atá tras-scríofa san eagrán seo agus iad ag cur go mór leis an gcorp méadaitheach de phríomhfhoinsí arna bhfoilsíú ag CLÉ ina bpléitear na codanna bochta de shochoaí na hÉireann agus leagtar béim iontu ar dhearcaí sóisialta ag an am maidir le neamhdhlisteanacht, máithreacha singile, agus an tionchar a bhíodh ag toircheas gan coinne ar an teaghlach iomlán.



The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921

Is amhlaidh go bhfuil taifid na hEaglaise Caitlicí in Éirinn an-tábhachtach le haghaidh staidéir ar an am atá thart nuair a chuirtear i gcomparáid le go leor tíortha eile in iarthar na hEorpa í. Cúis amháin leis sin ná gur scriosadh taifid phoiblí na hÉireann go luath san fhichiú aois ach cúis eile leis ná go raibh leibhéal de leanúnachas, d'eagraíocht fhoirmiúil agus de chlúdach geografach ag baint leis an eaglais Chaitliceach Rómhánach nach bhfeictear i gcás aon chomhlachta phríobháidigh eile. Bhí dea-thaifid ach go háirithe ag an Ord Proinsiasach in Éirinn. Cé nach bhfuil acmhainn na seoda cartlainne sin comhlíonta go fóill, leis an eagrán cuirtear ar fáil den chéad uair, cuid shubstainteach de thaifid an chlochair Phroinsiasaigh cháiliúil ar an Lána Leathan i gcathair Chorcaí. Tá na foinsí uathúla sin déanta suas de na leabhair chuntais lámhscríofa ina ndearnadh taifead ar chaiteachas laethúil Phroinsiasaigh Chorcaí, a chlúdaíonn an tréimhse ón mbliain 1764 anuas go dtí 1921. Sna cuntais seo tugtar léargas suimiúil ar athrú eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha sa chathair, agus freisin caitheann siad solas ar dhul chun cinn Phroinsiasaigh Chorcaí, agus ar an eaglais Chaitliceach go ginearálta le linn na tréimhse múnlaithí sin i nua-stair na hÉireann. Foilseofar na sonraí loma a bhí mar bhunús don eagrán seo ar líne agus beidh rochtain shaor orthu le haghaidh staidéir agus anailíse.

Pleanáil le haghaidh 2013

Le linn 2012 rinneadh an Coimisiún an réamhobair chun roinnt teideal tábhachtach a fhoilsiú i 2013. Ina measc tá *Letterbook of George, 16th earl of Kildare*, arna chur in eagar ag Aidan Clarke agus Bríd McGrath; *Purgatorium Hibernicum*, arna chur in eagar ag Andrew Carpenter; *The letterbook of Richard Hare, Cork merchant, 1771–1772*, arna chur in eagar ag James O'Shea; agus *Acts of James II's Irish parliament, 1689*, arna chur in eagar John Bergin agus Andrew Lyall.

Faoi dheireadh 2012 bhí dul chun cinn substaintiúil déanta ag an gCoimisiún i dtreo roinnt eagrán il-imleabhair a fhoilsiú i 2013: beidh *Correspondence of James Ussher, 1600–1656* (3 himleabhar), arna chur in eagar ag Elizabethanne Boran, mar an eagrán deifnídeach de chomhfhreagras Ussher; le *Proclamations of the kingdom of*

Ireland, 1660–1820, arna chur in eagar ag James Kelly le Mary Ann Lyons (5 himleabhar), cuirfear eagrán cuimsitheach ar fáil d'fhorógraí an rialtais a eisíodh idir 1660 agus 1820, ar an mbealach sin slánaítear na cailleanais a fulaingtíodh nuair a scriosadh go tubaisteach Oifig na dTaifead Poiblí i 1922; agus leis na chéad trí himleabhar d'eagrán dhá himleabhar déag de *1641 Depositions*, arna chur in eagar ag Aidan Clarke, tabharfar rochtain i bprionta ar cheann de na foinsí lárnaigh don seachtú aois déag. Tá *Analecta Hibernica*, uimh. 44, arna chur in eagar ag James Kelly, le foilsiú go luath i samhradh 2013.

Seoltaí

Reáchtáladh dhá sheoladh leabhair i 2012, agus an dá cheann díobh ar siúl ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil thar ceann an Choimisiúin le Cartlann Ailtireachta na hÉireann as éascaíocht a dhéanamh ar sheoltaí agus imeachtaí eile a reáchtáil CLÉ sna seomraí ar an gcéad urlár i 45 Cearnóg Mhuirfean.

Ar an 24 Deireadh Fómhair sheol an Dr Finola Kennedy eagrán den tuarascáil a d'ullmhaigh A.E.C. W. Spencer i 1960 nuair a bhí sé ina stiúrthóir ar an Suirbhé Náisiúnta Déimeagrafach (féach thuas), tuarascáil nár foilsíodh roimhe sin. Mar a thug mé faoi deara oíche an tseolta ba í an chéad uair ar sheol CLÉ leabhar áit a raibh an phríomhfhoinsé fós ina bheatha.

Ar an 18 Nollaig sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald TD, *Infanticide in the Irish Crown files at Assizes, 1883–1900*. Mar a luadh thuas, cuireann eagrán an Dr Elaine Farrell go mór le stair shóisialta, dlí agus ban na hÉireann. Thug an tAire ómós d'obair an Dr Farrell agus as an grá soiléir atá aici do na scéalta a nochtadh ina cuid foinsí. Thar ceann CLÉ ghabh mé buíochas leis an Aire as an imleabhar a sheoladh agus leis an Dr Farrell as deis a thabhairt do CLÉ an téacs a fhoilsiú. Is léir go léiríonn an chuid mhór de stair shóisialta atá taifeadta i dtaifid chóras dlí an stáit go grinn an tábhacht a bhaineann le gach cineál taifid a choimeád le haghaidh na nglúnta atá le teacht.



Airgeadas

Mar a rinne mé sna blianta roimhe, ba mhaith liom an cistiú a fuair CLÉ i 2012 ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (R/EOG) a aithint. Murach an deontas i gcabhair a sholáthair an Roinn, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a chomhlíonadh. Tugann an cistiú bliantúil sin tacaíocht ríthábhachtach do chlár foilsithe CLÉ le haghaidh na bliana díreach ina diaidh.

Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil anseo leis na baill don Aonad Institiúidí Cultúrtha sa R/EOG a rinne idirchaidreamh le CLÉ thar ceann na Roinne i 2012, go háirithe an tUasal Chris Flynn, an tUasal Sharon Barry agus an tUasal Orlaith Gleeson. Táimid ag tnúth le hoibriú leis an Roinn chun sainchúram CLÉ mar fhoilsitheoir príomhfhoinsí le haghaidh startha agus chultúir na hÉireann a chomhlíonadh chomh maith le seasamh CLÉ a fhorbairt mar nasc tábhachtach idir an pobal oidhreachta cultúrtha agus an pobal níos leithne de thaighdeoirí sna daonnachtaí.

Is mian liom a thaifeadadh go bhfuilim buíoch ach go háirithe do riarthóir an Choimisiúin, an Dr Cathy Hayes as a cuid oibre agus tiomantais ó ceapadh í i 2006, agus i 2012 ach go háirithe.

Mar chonclúid ní mór dom an méid atá scríofa agam i dtuarascálacha roimhe seo a lua arís: is é sin ná nach bhfaigheann baill CLÉ aon luach saothair as ról fíorriachtanach a chuireann ar chumas an Choimisiúin a shainchúram a chomhlíonadh. Tá an traidisiún sin de sheirbhís don scoláireacht agus don stát araon á choimeád ó bunaíodh an Coimisiúin i 1928. Ní thugtar airgead onóra ach don chathaoirleach. Roghnaigh an cathaoirleach gan airgead onóra a fháil i 2012.

James McGuire
Cathaoirleach
Feabhra 2013

Faisnéis Chuideachta

Stiúrthóirí

James Ivan McGuire (Cathaoirleach)
Nicholas Patrick Canny
David Dickson
David Edwards
Chris Flynn
Greta Jones
James Kelly
Michael Kennedy
Máire Mac Conghail
John McCafferty
Aileen McClintock
Deirdre McMahon
Donal Moore
Thomas O'Connor
Dáibhí Ó Cróinín
Ruán O'Donnell
Mary O'Dowd
Jane Ohlmeyer
Fiona Ross

Rúnaí

Cathy Hayes

Uimhir Chláraithe Cuideachta

414351

Uimhir Charthanais Cláraithe

CHY 17206

Seoladh Cláraithe Oifige agus Gnó

45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, Éire

Iniúcháirí

Duignan Carthy O'Neill
84 Bóthar Northumberland
Baile Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
39 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 i láthair.

Tuarascáil na Stiúrthóirí
de chuid
Choimisiún Lámhscríbhinní
na hÉireann Teoranta
don bhliain dar críoch 31 Nollaig
2012

Príomhghníomhaíocht, athbhreithniú gnó agus forbairt sa todhchaí

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus chuaigh sí i mbun gníomhaíochta ar an dáta céanna.

Príomhghníomhaíochtaí

Is í príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) ná príomhfhoinsí lámhscríbhinne le haghaidh stair agus chultúr na hÉireann a fhoilsiú i gcló agus ar líne. Ní dhéanfaí na foinsí sin a fhoilsiú murach sin toisc nach bhfuil siad inmhathana ó thaobh tráchtála de réir aon sainmhínte. Mar chomhlacht poiblí gníomhaíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas, áit a theastaíonn, i leith ábhar a bhaineann le príomhfhoinsí i gcoitinne agus déanann sé feachtas poiblí agus institiúide ar an tábhacht a bhaineann leo a chur chun cinn.

Athbhreithniú gnó

I Meán Fómhair 2011 ghlac Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann le Plean Forbartha Straitéisí don tréimhse 2012–2016. Sa phlean tugadh cuntas ar straitéisí nua chun fis CLÉ a chomhlíonadh; is í an fhís sin ná feachtas faoi ábhair phríomhfhoinsí le haghaidh startha, chultúir agus oidhreacht na hÉireann chomh maith le rochtain ar na foinsí sin a chur chun cinn. D'athdhearbhaigh sé tosaíochtaí straitéiseacha CLÉ ar an mbunús seo a leanas: feachtas faoi príomhfhoinsí agus rochtain orthu a fheabhsú; leanúint ar aghaidh ag gníomhú mar shainchomhairleoir ar shaincheistanna a bhaineann le lámhscríbhinní agus príomhfhoinsí go ginearálta; agus digitiú a dhéanamh ar a chúl-liosta chomh maith le tabhairt faoi chaomhnú fadtéarmach na n-acmhainní digiteacha arna gcruthú.

Forbairt sa todhchaí

Mar a tugadh cuntas air sa Phlean Forbartha Straitéisí is deireanaí, leanfaidh CLÉ ar aghaidh ag caitheamh a chuid acmhainní ar phríomhfhoinsí lámhscríbhinne a fhoilsiú. Freisin leanfaidh sé air ag déanamh caomhnú príomhfhoinsí ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe chun feachtas an phobail a mhúscailt faoin ngá le páipéir agus comhfhreagras comhaimseartha a chaomhnú trí hobair an Choiste Feachtas um Chaomhnú agus Rochtain (CFCR); beidh na taifid sin mar phríomhfhoinsí sa todhchaí le haghaidh staraithe atá ag plé leis an aonú haois is fiche. Ag teacht lena shainchúram seirbhíse poiblí rachaidh CLÉ i ngleic le teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagrán leictreonacha dá chúl-liosta a chur ar fáil trína láithreán gréasáin agus trí thairseacha oidhreachta cultúrtha oiriúnacha in Éirinn agus san Eoraip. Cuirfear foilseacháin CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil saor in aisce le haghaidh úsáideoirí, in Éirinn agus níos faide anonn.

Torthaí

Ba é méid an bharrachais don bhliain tar éis soláthar a dhéanamh do dhímheas ná €31,352 (2011 — €67,651). Molann na stiúrthóirí an barrachas sin a choimeád chun tionscadail a chistiú sna blianta amach romhainn.

Taighde agus forbairt

Níor fulaíodh aon chostais taighde agus forbartha le linn na bliana.

Staid cúrsaí

Is é tuairim na stiúrthóirí ná go bhfuil staid chúrsaí na cuideachta sásúil agus nár tharla aon athrú ábhartha ó dháta an chláir chomhardaithe.

Na Stiúrthóirí agus a gcuid leasanna

Tá an cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Tugann gach ball den chuideachta gealltanais chun cur le hacmhainní na cuideachta sa chás go ndéanfaí í a fhoirceannadh agus é/í ina b(h)all di nó laistigh d'aon bhliain amháin tar éis dó/di éirí as bheith ina b(h)all di, chun íoc as fiacha agus dliteanais na cuideachta a tabhaíodh agus sula n-éiríonn sé/sí as bheith ina b(h)all, agus as na costais, na muirir agus na speansais a bhaineann le fhoirceannadh agus as coigeartú chearta na rannpháirteach eatarthu féin, mar cibé méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach sáraíonn aon Euro amháin.

Sealbhóidh gach stiúrthóir an oifig ar feadh cúig bliana ar a mhó agus beidh sé/sí incháilithe le hathcheapadh ina dhiaidh sin. Is ar bhonn deonach a sheirbheálann na stiúrthóirí go léir.

Ranníocaíochtaí polaitiúla

Níor tugadh aon ranníocaíochtaí polaitiúla don chuideachta le linn na bliana.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

De réir dhlí na gcuideachtaí ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachtaí agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta le haghaidh na bliana sin. Agus iad siúd á n-ullmhú acu ceanglaítear ar na stiúrthóirí sin:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus chríonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach má tá sé mí-oiriúnach creidiúint go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta, aon tráth, seasamh airgeadais na cuideachta agus chun cur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chaomhnú agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Na Leabhair chuntais

Is iad na bearta a ghlacann na stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Alt 202, Acht na gCuideachtaí, 2001, maidir le leabhair chearta chuntais ná polasaithe agus nósanna imeachta riachtanacha um thairfeadh idirbheart a chur i bhfeidhm, comhaltaí pearsanra cuntasáíochta oiriúnacha a fhostú a bhfuil an saineolas oiriúnach acu agus dóthain acmhainní a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Príomhríosaí agus príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhríosaí agus na príomhéiginnteachtaí a mbíonn tionchar acu ar Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus cónascadh beartaithe leis an Leabharlann Náisiúnta. Tá buiséad bliantúil faighte ag CLÉ anuas go dtí seo a chuir ar a chumas a phríomh-shainchúram, mar atá foilsiú, a chomhlíonadh ach le hionchas reatha an gheilleagair meabhraítear dúinn go mbíonn cistiú dóthanach i mbaol i gcónaí. I láthair na huairé níltear cinnte cén tionchar a bheidh ag cónascadh beartaithe CLÉ i struchtúr níos mó ar oibriú an Choimisiúin, cé go gcreidtear go gcoimeádfar ról CLÉ mar chomhlacht neamhspleách a dhéanann maoirseacht ar fhoilsiú phríomhfhoinsí lámhscríbhinní sna socrúithe nua.

Iniúcháirí

Chuir na hiniúcháirí, Duignan Carthy O'Neill, Cuntasóirí Cairte, in iúl go bhfuil siad sásta leanúint ar aghaidh i mbun a gcuid dualgas de réir fhorálacha Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an Bhoird

James Ivan McGuire

Stiúrthóir

15 Feabhra 2013

Máire Mac Conghail

Stiúrthóir

15 Feabhra 2013

Tuarascáil Neamhspleách na nIniúcháirí

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012 ar leathanach 20 go 26, a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais sin faoi na polasaithe cuntasáochta atá leagtha amach ar leathanach 23.

Déantar an tuarascáil seo chuig baill na cuideachta amháin, mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár gcuid oibre iniúcháireachta ionas go mbeimid in ann na hábhair a gceanglaítear orainn a shonrú do bhaill na cuideachta i dtuarascáil iniúcháora, a shonrú dóibh agus níl cuspóir ar bith eile i gceist léi. A mhéid is atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid le freagracht chuig aon duine eile seachas an chuideachta agus baill na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchta le haghaidh na tuarascála seo, ná as na tuairimí ar thámgamar orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus na n-iniúchóirí faoi seach

Mar a dtugtar tuairisc air ar leathanach 14 tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsíú ag Chartered Accountants Ireland.

Is é ár gcúram ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na gceanglas ábhartha dlí agus rialála agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (an RA agus Éire).

Tugaimid tuairisc daoibh ar ár dtuairim maidir le cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn agus ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Freisin tugaimid tuairisc daoibh ar ár dtuairim maidir le: cibé acu ar choimeád an chuideachta leabhair chearta chuntais; agus cibé acu an bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, sonraímid cibé acu an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir atá riachtanach chun críocha ár n-iniúchta agus cibé acu an réitíonn clár comhardaithe agus cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta leis na leabhair chuntais.

Tugaimid tuairisc do na baill más amhlaidh, dar linn, nár nochtadh aon fhaisnéis atá sonraithe sa dlí i leith luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí agus, i gcás ina mbeidh sé indéanta, áirímid faisnéis den sórt sin inár dtuarascáil. Léimid an fhaisnéis eile atá cuimsithe sa Tuarascáil Bhliantúil agus measaimid cibé acu an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní chuimsíonn an fhaisnéis eile ach Tuarascáil na Stiúrthóirí. Déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár gcuid tuarascála má thagaimid ar an eolas faoi aon mhír áitis chosúlacha nó aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais. Níl aon fhaisnéis eile faoinár gcúram.

Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (an RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé freisin measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais thábhachtacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go dóthanach iad.

Tuarascáil Neamhspleách na nIniúchóirí
chuig na baill de
Choimisiún Lámhscríbhinní Éireann
Teoranta

Phleanálar agus rinneamar ár n-iniúchadh ionas go bhfaighimis an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn a thabharfaidh dearbhú réasúnta dúinn go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí mhírialtacht nó hearráid eile. Agus muid ag teacht ar ár dtuairim rinneamar measúnú freisin ar dhóthanacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

Is é ar dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann siad léargas fírinneach cóir, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Leis in Éirinn, ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin: agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012.

Is é ár dtuairim ná go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid chúrsaí na cuideachtaí amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch an dáta sin agus gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012.

Fuairamar an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim ná gur choimeád an chuideachta leabhair chearta chuntais. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim ná go réitíonn an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanach 13–15 leis na ráitis airgeadais.

84 Bóthar Northumberland,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.

Dáta: 19 Feabhra 2013

Liam McQuaid
Le haghaidh agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe

Cuntais Iniúchta

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2012

		Oibríochtaí leantacha	
	Nótaí	2012	2011
		€	€
Ioncam – Díolacháin leabhair	2	11,360	31,341
Ríchíosanna		933	2,923
Costas Díolachán na dTionscadal		(130,855)	(93,052)
(Easnamh) oibriúcháin		<u>(118,562)</u>	<u>(58,788)</u>
Deontais ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta	3		
— Deontas Bliantúil		245,000	260,000
— Deontas Historia		40,000	20,000
— Deontas iarchurtha scaoilte		271	—
— Comhiomlánóir Náisiúnta		17,133	—
Deontas PRONI		1,332	—
Speansais riaracháin		(58,692)	(65,104)
Speansais Eagarthóireachta & Foilsithe		(70,707)	(64,006)
Speansais oifige		(25,581)	(25,191)
Barrachas don bhliain	4	<u>30,194</u>	<u>66,911</u>
Ús infhaighte agus ioncam cosúlach		1,158	740
Barrachas coimeádta don bhliain	12	<u>31,352</u>	<u>67,651</u>

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann seachas an barrachas don dá bhliain airgeadais thuas.

D’fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 15 Feabhra 2013 agus síníodh iad thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE

Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

An Choimisiún Lamhscríbhinní na hEireann Teoranta, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal Aici

			2012	2011
			€	€
	Nótaí			
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní inláimhsithe	7		1,842	1,083
Sócmhainní Reatha				
Stoic	8	18,674	28,716	
Féichiúnaithe	9	7,342	11,954	
Airgead sa bhanc agus ar láimh		476,081	419,780	
		<u>502,097</u>	<u>460,450</u>	
Creidiúnaithe: méideanna dlite				
laistigh d'aon bhliain amháin	10	(31,579)	(20,254)	
Ioncam iarchurtha	11	(36,219)	(36,490)	
		<u>(67,798)</u>	<u>(56,744)</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>434,299</u>	<u>403,706</u>
Iomlán na Sócmhainní Líúide Dliteanais				
Reatha			<u>436,141</u>	<u>404,789</u>
Caipiteal agus Cúlchistí				
Ranníocaíocht Chaipitiúil	12		154,831	154,831
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	12		281,310	249,958
Cistí	13		<u>436,141</u>	<u>404,789</u>

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 15 Feabhra 2013 agus síníodh thar a cheann ag iad:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

Ráiteas faoi shreabhadh airgid don bhliain dar chóch 31 Nollaig 2012

	2012	2011
	€	€
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas oibriúcháin	30,194	66,911
Dímheas	1,193	4,435
Laghdú ar stoic	10,042	5,604
Laghdú ar fhéichiúnaithe	4,612	913
Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe	11,325	(13,768)
	<u>57,366</u>	<u>64,095</u>
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	57,366	64,095
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh a dhéanamh ar airgeadas	1,158	740
Caiteachas Caipitiúil	(1,952)	—
Ioncam Iarchurtha	(271)	—
	<u>56,301</u>	<u>64,835</u>
Réiteach an ghlan-insreabhadh airgid leis an ngluaiseacht i nglanchistí		
Méadú ar airgead sa bhliain	56,301	64,835
Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2012	419,780	354,945
	<u>476,081</u>	<u>419,780</u>
Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2012		

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

1. Polasaithe cuntasáíochta

1.1. Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn agus reachtanna Éireannacha a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2012. Is iad na Caighdeáin Chuntasáíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn maidir le ráitis airgeadais a ullmhú a thugann léargas fírinneach cóir ná iad siúd arna bhfoilsíú ag Chartered Accountants Ireland agus arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasáíochta.

1.2. Ioncam

Tá ioncam in ionannas le hiomlán an ioncain a fuarthas ó dhíolacháin leabhair i ndáil leis an mbliain.

1.3. Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímbeas

Soláthraítear dímbeas ag na rátaí bliantúla seo a leanas arna ríomh chun costas lúide luach iarmhartach gach sócmhainne a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta, de réir méid chothroim:

Daingneáin, feistis agus ríomhairí – 20%

Déantar athbhreithniú bliantúil ar luachanna carraireachta na sócmhainní seasta inláimhsithe le haghaidh bearnaithe i dtreimhsí má thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an luach carraireachta in-aisghabhála.

1.4. Stoc

Luacháiltear stoic leabhair ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Toisc gur le linn na chéad dhá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a mbíonn díolacháin imleabhair leabhair is airde, tá na stiúrthóirí den tuairim nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a áireamh i luach an stoic. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar mhall nó as feidhm.

1.5. Pinsin

Tá na costais phinsean arna muirearú sna ráitis airgeadais in ionannas leis an ranníocaíochtaí a bhí iníoctha ag an gcuideachta le linn na bliana.

Déantar an costas rialta as soláthar phinsin scoir agus sochair ghaolmhara a mhuirearú don chuntas ioncain agus caiteachais thar shaol seirbhíse na bhfostaithe ar bhunús céatadáin shíoraí de thuillimh.

1.6. Cánachas

Tá an chuideachta díolmhaithe ó chánachas mar gheall ar a stádas carthanais. (Uimhir chánach carthanais: 17206)

1.7. Deontais rialtais

Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais chaipitiúil chuig an gcuntas ioncain agus caiteachais thar shaol úsáideach measta na sócmhainní. Scaoiltear deontais i dtreo caiteachais ioncain chuig an gcuntas ioncain agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas bainteach.

2. Ioncam

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta le haghaidh na bliana óna príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúithi go léir in Éirinn.

3. Deontais an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

	2012	2011
	€	€
Deontas Bliantúil	245,000	260,000
Deontais aon uaire le haghaidh tionscadal speisialta	57,133	20,000
Deontas iarchurtha scaoilte (Nóta 11)	271	—
	<u>302,404</u>	<u>280,000</u>

Tá dliteanas teagmhasach ann chun deontais rialtais a fuarthas a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas le haghaidh an chuspóra ar íocadh as é.

4. Barrachas don bhliain

	2012	2011
	€	€
Sonraítear an barrachas don bhliain tar éis na nithe seo a leanas a mhuirearú:		
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	1,193	4,435
Airgead Onóra an Chathaoirligh	—	10,500
Luach Saothair na n-Iniúcháir		
- Iniúchadh	1,845	1,845
- Obair Chuntasaíochta, Rúnaíochta, Chánachais agus Phárolla	2,696	2,590

5. Fostaithe

Líon na bhfostaithe

Ba é meánlíon na bhfostaithe le linn na bliana ná:

	2012	2011
	Number	Number
Líon na bhfostaithe	2	2
(Riarthóir agus Cathaoirleach san áireamh)		

Déantar anailís ar na costais foirne sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Tuarastail	69,139	62,461
Pinsean	5,741	5,489
Airgead Onóra an Chathaoirligh	—	10,500
Costais leasa shóisialaigh	6,847	7,098
	81,727	85,548

6. Costais phinsean

Ba é méid na gcostas pinsean ná €5,741 (2011 – €5,489).

7. Sócmhainní inláimhsithe

	Daingneáin & feistis	Iomlán
	€	€
Costas		
Ar an 1 Eanáir 2012	29,286	29,286
Suimiúcháin	1,952	1,952
	<u>31,238</u>	<u>31,238</u>
Ar an 31 Nollaig 2012		
Dímheas		
Ar an 1 Eanáir 2012	28,203	28,203
Muirear don bhliain	1,193	1,193
	<u>29,396</u>	<u>29,396</u>
Ar an 31 Nollaig 2012		
Glanluachanna leabhair		
Ar an 31 Nollaig 2012	1,842	1,842
	<u>1,083</u>	<u>1,083</u>
Ar an 31 Nollaig 2011		

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann troscán agus trealamh oifige eile ar luach measta de €48,710 mar bhronntanas di. Aithnítear na sócmhainní sin sna suimiúcháin thuas ar luach ainmniúil de €1.

8. Stoic

	2012	2011
	€	€
Earraí críochnaithe – Leabhair	18,674	28,716

Luacháladh stoic leabhair ar chostas nó ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

9. Féichiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2012	2011
	€	€
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhraithe	7,342	11,954

10. Creidiúnaithe: méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2012	2011
	€	€
Cánacha agus costais leasa shóisialaigh eile– ÍMAT/ÁSPC	6,829	6,741
Fabhruithe	24,750	13,618
	31,579	20,254

11. Ioncam iarchurtha

	2012	2011
	€	€
Deontais rialtais		
Ar an 1 Eanáir 2012	36,490	36,490
Scaoilte le linn na bliana	(271)	-
Ar an 31 Nollaig 2012	36,219	36,490

Baineann na Deontais Rialtais iarchurtha le hairgead breise a fuarthas maidir le tionscadail um foilsíú leabhar. Ní raibh na tionscadail sin críochnaithe ag deireadh na bliana.

12. Cúlchistí Comhionannais

	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	Ranníocaíocht Chaipitiúil	Iomlán
	€	€	€
Ar an 1 Eanáir 2012	249,958	154,831	404,789
Barrachas coimeádta don bhliain	31,352	—	31,352
Ar an 31 Nollaig 2012	281,310	154,831	436,141

13. Réiteach gluaiseachtaí i gcistí

	2012	2011
	€	€
Barrachas don bhliain	31,352	67,651
Cistí oscailte na scairshealbhóirí	404,789	337,138
	436,141	404,789

Ranníocaíocht Chaipitiúil

Corpraíodh an chuideachta ar an 24 Eanáir 2006 agus thug Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann airgead ar luach €130,730 agus stoc leabhar ar luach €24,100 dó mar bhronntanas. Tugadh troscán agus trealamh oifige eile mar bhronntanas freisin agus áiríodh iad sna ráitis airgeadas ar luach ainmniúil de €1. Leis sin tugtar méid iomlán ranníocaíochta caipitiúla do €154,830.

Mar gheall ar nádúr na leabhar a fhoilsítear, tá na stiúrthóirí den tuairim gur le linn na dá bhliana tar éis a ndáta foilsithe a bhíonn díolacháin leabhar arna fhoilsiú is airde. Ar an gcúis sin, tá siad den tuairim, as na leabhair a chuirtear leis an gcuideachta, nár cheart ach leabhair a foilsíodh laistigh de dhá bhliain ó dheireadh na bliana a chur san áireamh sa ranníocaíocht chaipitiúil. Rinneadh soláthar i gcoinne an chuid eile de stoic leabhair mar mhall nó as feidhm.

14. Idirbhearta páirtí gaolmhara

Tugtar cúiteamh do stiúrthóirí as aon speansais a fhulaingítear agus iad i mbun a gcuid dualgas. Tá an Cathaoirleach dlite airgead onóra — €10,500 — in aghaidh na bliana, ach, níor tarraingíodh an t-airgead sa bliain 2012. Níor tharla aon idirbhearta páirtí gaolmhara eile le linn na bliana.

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na n-Oibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos iníoctha as an spás oifige a úsáid.

15. Máthairghnóthas deiridh

Tá an chuideachta á rialú ag a cuid Ball agus ag an mBord Stiúrthóirí.

16. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 15 Feabhra 2013 agus síníodh iad thar a cheann ag:

James Ivan McGuire
Stiúrthóir

Máire Mac Conghail
Stiúrthóir

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2012

Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh i 2012

Roinneann Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann (CLÉ) cóiríocht le Cartlann Ailtireachta na hÉireann (CAÉ) ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Tá úsáid fuinnimh bunaithe ar dheighilt 20:80 idir CLÉ:CAÉ ar bhunús áitiú an spáis sa teach.

Baineann príomhúsáid fuinnimh CLÉ le téamh (gás nádúrtha arna sholáthar ag Bord Gáis), soilsiú agus cumhacht (arna soláthar ag Airtricity) agus seirbhísí uisce (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath).

I 2012, d'úsáid Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann 46 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 25 MWh de leictreachas (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin na 125 MWh)
- 21 MWh de bhreosla iontaise (mar ghás nádúrtha) (20% d'úsáid iomlán an fhuinnimh, is é sin ná 107 MWh)
- Tagann 6 MWh den 25 MWh de leictreachas a úsáidtear ó fhoinsí in-athnuaite.¹

Déantar muirir uisce a ríomh de réir chóimheas 20:80 freisin. Le linn 2012, úsáideadh 68 mhéadar ciúbacha d'uisce of water san fhoirgneamh iomlán.

Feidhmíocht fuinnimh

Tá fostaí buan amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní Éireann agus oibríonn an oifig ag uaséifeachtúlacht ó thaobh úsáid fuinnimh laistigh de na srianta a bhaineann le foirgneamh Seirseach athchóirithe a áitiú.

1. Ceithre is fiche faoin gcéad den leictreachas arna sholáthar ag Airtricity thagann ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite (i bhfaisnéis bhilleála Airtricity, 15/1/13).